TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

Bainisteoir Tionscadail FRS na Dúnaibh

An Oifig Tionscadail: **RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43**

Ríomhphost: downingfrs@rpsgroup.com

NAISC ÁBHARTHA

Láithreán Gréasáin: **https://countydonegalfrs.ie/downingfrs/**

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

NA DÚNAIBH

Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh. 4
Lúnasa 2021

https://countydonegalfrs.ie/downingsfrs



CÉN CÉIM INA BHFUIL AN STAIDÉAR ANOIS?

Tá Grúpa Stiúrtha FRS Na Dúnaibh (leis an OPW, Comhairle Contae Dhún na nGall agus an RPS san áireamh) ag déanamh cinnte go bhfuil na hoibreacha go léir atá beartaithe, bunaithe ar an fhaisnéis is cruinne agus cothrom le dáta. Tá gach eolas maidir leis na tionscadail ar fáil ar an suíomh gréasáin **www.countydonegalfrs.ie/downings** agus tá sonraí teagmhála na foirne ar fáil ann chomh maith.

Tá na suirbhéanna maidir le tairseach réadmhaoine, sruthchúrsa, trá agus talamh déanta agus curtha i bhfeidhm ag Murphy Geospatial **(www.murphygs.ie)**. Tá na sonraí atá riachtanach chun samhaltú ar ríomhaire de Sruth Mhachaire Loiscthe, Na Dúnaibh, a cosaintí atá ann cheana féin agus tuilemhánna sa cheantar a chothú ar fáil anois buíochas leis na suirbhéanna.

Tá suirbhé déanta ag McBreen Environmental **(http://www.mcbreenenvironmental.ie)** ar na lintéir in aice leis na sruthchúrsaí sa cheantar. Tá sonraí an tsuirbhé faighte againn agus tá taifeadadh TCI den taobh istigh de na lintéir ann. Tá faisnéis maidir leis na toisí inmheánach, na leibhéil agus cuinsí na lintéar a léiríonn sruthchúrsaí faoin talamh. Beidh an fhaisnéis seo le feiceáil sa mhúnla chun feidhmiú na struchtúir seo a ionsamhlú.

Tá múnla ríomhaire déanta ag RPS chun Sruth Mhachaire Loiscthe agus meicníochtaí cois farraige de Cuan Sheephaven a léiriú bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas le linn na suirbhéanna abhainn, lintéar agus talún. Tá forbairt maidir le srutha, leibhéal uisce agus fearthainn a thacaíonn leis an mhúnla hiodrálach déanta den chuid is mó agus tá siad beagnach réidh anois le haghaidh coinníollacha tuilte do na himeachtaí san am atá caite agus don todhchaí a athchruthú. Faoi láthair, tá mionathruithe á dhéanamh ag an bhfoireann ar an mhúnla chun cinntiú go bhfuil méid na tuilte á léiriú, go háirithe na himeachtaí tuilte is mó a tharla i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2015. Beimid ag baint úsáid as an fhaisnéis (grianghraif agus tuairiscí) a fuaireamar ó dhaoine áitiúla, úinéirí gnó, agus páirtithe leasmhara de tuilte a tharla san am atá caite. B'fhéidir go ndéanfaimid teagmháil leo chun níos mó sonraí faoi na himeachtaí tuilte a fháil amach ionas gur féidir linn léiriúchán cruinn de na himeachtaí a tharla ar an talamh i sna Dúnaibh a dhéanamh.

Táimid ag tabhairt faoin bhforbairt luathroghanna agus táimid ag smaoineamh faoi láthair ar bhearta bainistíochta riosca tuile a d'fhéadfadh a bheith infheidhmithe ag na Dúnaibh. Cuimseoidh an liosta na cinn a leagtar amach i bPlean Bainistíochta Riosca Tuilte san Iarthuaiscirt (www.floodinfo.ie), ach gan a bheith teoranta dóibh, agus gach beart á scagadh, ag aithint na mbearta a d'fhéadfaí a chur ar aghaidh le haghaidh measúnú níos cruinne.

Chríochnaigh an fhoireann timpeallachta RPS tuarascáil ar an staidéar maidir le Srianta Timpeallachta ag deireadh mí Lúnasa, a clúdaíonn na príomhcheisteanna comhshaoil a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu leis an scéim tuilte. Tá Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána, Créanna agus Geolaíocht, Seandálaíocht, Ailtireachta agus Oidhreacht Chultúrtha, Úsáid na Talún agus Acmhainní Ábhartha, Tírdhreach agus Tionchar Fhísiúil, chomh maith le Daonra agus Sláinte daonna le feiscint sa tuarascáil. Beidh an tuarascáil ar fáil ar an suíomh gréasáin go luath.

Eascanna ón Suirbhé Sruth Uisceach Mhachaire Loiscthe.

TIONCHAR CORÓINVÍREAS (COVID-19)

D'oibrigh foireann an tionscadail go dian chun cinntiú go bhfuil na himeachtaí go léir de réir treoraíocht sláinte phoiblí maidir leis an gCoróinvíreas agus ag an am céanna déanann an fhoireann iarracht na tionchair diúltacha ar an dtionscadal a laghdú. Buaileann an Grúpa Stiúrtha FRS (leis an OPW, Comhairle Contae Dhún na nGall agus an RPS san áireamh) le chéile go minic trí físchomhdháil. Mheas na húdaráis áitiúla gur seirbhís riachtanach é obair a dhéanamh ar na scéimeanna fuascailt tuilte.

BREAC-CHUNTAS AR CHLÁR NA SCÉIME

	Gníomhaíocht	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Céim 1	Bailiú Sonraí agus suirbhéanna						
	Anailís Hidreolaíochta						
	Anailís Hiodrálach						
	Anailís agus forbairt na Scéime						
Céim 2	Pleanáil						
Céim 3	Dearadh mionsonraithe na Scéime						
Céim 4	Oibreacha tógála						
Céim 5	An Scéim á hOibriú						

Sceidil curtha ar fáil mar mheastachán reatha is fearr, ach d'fhéadfadh é seo a athrú.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Bailiú Sonraí: Tar éis an fhaisnéis go léir a bhailiú agus faisnéis nua faighte againn trí suirbhéanna innealtóireachta agus timpeallachta a chur le chéile, táimid ag díriú isteach anois ar níos mó eolas a fháil maidir le bhearnaí faisnéise a aithint agus níos mó eolas a fháil maidir leis na himeachtaí tuilte. Sa chaoi seo, tabharfaidh sé seo aitheantais ar an ngá le sainsuirbhéanna timpeallachta agus beidh fhios againn maidir le cén eolas atá uainn le haghaidh breithiúnas ar bheartaí taisceadh a dhéanamh.

Suirbhéanna: Tá na suirbhéanna ar mionsonraithe lintéar déanta anois. Cuireadh dréacht oibre ar fáil do Fhoireann an Tionscadail agus tá athbhreithniú á dhéanamh air anois le haghaidh úsáid sa mhúnla hiodrálach. Faoi láthair tá RPS ag déanamh taighde ar an ngá a bheidh ann le níos mó suirbhéanna a dhéanamh chun an réamh-deartha den scéim a bhunú.

Anailís Hidreolaíochta: An chéad aidhm eile atá againn ná beachtú a dhéanamh ar sruth agus leibhéil an uisce a bhíonn in úsáid sna mhunlaí chun tuilte a ionsamhlú.

Anailís Hiodrálach: Úsáidfear an mhúnla hidreolaíochta chun roghanna innealtóireachta éagsúla a mheas agus a chur i gcomparáid le roghanna eile agus laghdóigh sé seo an riosca tuilte sna Dúnaibh. Beidh sé seo déanta nuair a bheidh na sonraí ó theagmhais tuile stairiúla calabraithe agus deimhnithe chun cinntiú go gcuireann sé léargas cruinn ar fáil ar na meicníochtaí tuilte.

Anailís Scéime agus Forbairt: Tá liosta á dhéanamh faoi láthair de na bearta bainistíochta maidir le riosca tuilte a d'fhéadfadh a bheith infheidhmithe ag na Dúnaibh. Déanfar measúnú orthu seo ionas go dtabharfar bearta ar aghaidh a d'fhéadfadh a bheith inmharthana go teicniúil agus go heacnamaíoch, inghlactha go sóisialta agus i dtaca leis an timpeallacht chun measúnú mhionsonraithe a dhéanamh.

Measúnú Timpeallachta: Tá níos mó suirbhéanna timpeallachta leagtha amach i rith an Fhómhair lena n-áirítear suirbhéanna éiceolaíocha a bhfuil srianta séasúracha orthu a chur i gcrích. Tá suirbhéanna níos cruinne i gceist leis seo a theastaíonn chun tógáil ar na suirbhéanna bunlíne, lena n-áirítear suirbhéanna ar speicis faoi chosaint, i.e. dobharchú, seandálaíochta agus ailtireachta. Cuirfidh na srianta agus na deiseanna comhshaoil a shainaithnítear bonn eolais ar fáil maidir le bhreithmheas na roghanna don FRS lena n-áiritheofar breithniú luath sa dearadh agus measúnú láidir ar thionchar féideartha comhshaoil na scéime roghnaithe.